Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**7055/24**

**ENT 45**
**MI 223**
**COMPET 232**
**IND 107**
**TRANS 117**
**DELACT 30**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 823 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 14.2.2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 823 final.

---

Faoi iamh: C(2024) 823 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.2.2024
C(2024) 823 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.2.2024**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ceanglaítear córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a fheistiú i ngach cineál feithicile nua de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ ón 31 Márta 2018 ar aghaidh. An córas eCall, diailíonn sé an uimhir aonair éigeandála Eorpach - 112 - go huathoibríoch i gcás timpiste thromchúiseach bóthair , rud a laghdaíonn an t-am freagartha agus a shábhálann beatha daoine dá bharr.

Oibríonn an córas eCall trí líonraí ceallacha ciorcadlasctha 2G/3G faoi láthair. Mar sin féin, tá sé beartaithe ag oibreoirí móibíleacha deireadh a chur de réir a chéile le 2G/3G idir 2025 agus 2030. Dá bhrí sin, tá géarghá le córais glao éigeandála a oiriúnú do na líonraí cumarsáide paicéadlasctha 4G/5G is nua.

Na tagairtí do na caighdeáin ar a bhfuil na ceanglais theicniúla maidir le córais eCall a fhormheas bunaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún na tagairtí sin a thabhairt cothrom le dáta (Airteagal 5(9) de Rialachán (AE) 2015/758). Ghlac an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) sonraíochtaí teicniúla nua a bhaineann le eCall le déanaí bunaithe ar líonraí paicéadlasctha. Táthar ag súil leis go ndéanfar caighdeáin de na sonraíochtaí teicniúla sin in 2025.

Leis an Rialachán tarmligthe seo ón gCoimisiún leasaítear Airteagal 5(8) de Rialachán (AE) 2015/758 trí thagairt a thabhairt isteach do na leaganacha nua de chaighdeáin eCall agus do na sonraíochtaí teicniúla nua le haghaidh na líonraí paicéadlasctha. Leagtar síos ann freisin forálacha idirthréimhseacha chun a áirithiú go ndéanfaidh monaróirí feithiclí, ó dháta áirithe ar aghaidh, feithiclí nuatháirgthe a fheistiú chomh maith, faoi chineálcheaduithe atá ann cheana, le córais phaicéadlasctha eCall chun a ráthú go mbeidh an córas eCall atá i bhfeidhm sna feithiclí sin ag feidhmiú tar éis deireadh iomlán a chur leis na líonraí 2G/3G. Ar deireadh, tugann sé aga seachadta leordhóthanach do mhonaróirí agus d'údaráis náisiúnta chun iad féin a chur in oiriúint do na rialacha nua.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chun cuidiú leis an ngníomh sin a ullmhú, rinneadh staidéar tacaíochta in 2023. Breathnaíodh sa staidéar, go háirithe, ar fhorbairt ghearrthéarmach eCall, go háirithe cumarsáid phaicéadlasctha a chur san áireamh, agus rinneadh measúnú costais agus tairbhe ar an bhforbairt sin lena fheiceáil cé acu a rachadh nó nach rachadh sé chun tairbhe na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara trí cheistneoir ar líne, agus ina dhiaidh sin rinneadh agallaimh nuair a bhí faisnéis bhreise agus ionchur tábhachtach ag teastáil ó ghrúpaí/daoine ar leith. Áiríodh sa cheistneoir ceisteanna sonracha maidir le costais, agus cuireadh freagraí san áireamh san anailís costais is tairbhe. Ar an iomlán, freagraíodh 74 cheistneoir agus rinneadh 19 n-agallamh sa chuid sin den staidéar.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin le saineolaithe agus páirtithe leasmhara ó na Ballstáit le linn chruinnithe na Meithle um Mótarfheithiclí a tionóladh an 4 Iúil agus an 5 Deireadh Fómhair 2023, inar deimhníodh a gcuid tacaíochta. Ba é an príomhábhar imní a cuireadh in iúl an t-aga seachadta gearr a bhí ag tionscal na ngluaisteán chun oiriúnú do na caighdeáin nua. Mar sin féin, tá dátaí éigeantacha an 1 Eanáir 2026 i gcás cineálacha nua feithiclí agus an 1 Eanáir 2027 i gcás feithiclí nua fíor-riachtanach ionas nach gcuirfear feithiclí nua a bhfuil seanteicneolaíocht feistithe iontu ar an margadh, rud a fhágfadh go

[1] IO L 123, 19.5.2015, lch. 77.

mbeadh an córas eCall sna feithiclí neamhfheidhmiúil go luath tar éis a gcláraithe. Cuirtear san áireamh sna dátaí sin freisin an t-am is gá do na Ballstáit bonneagar na bpointí freagartha sábháilteachta poiblí (PFSPanna) a uasghrádú chun a áirithiú go bhfaighfear agus go láimhseálfar eCalls go cuí thar líonraí 4G/5G ar chríoch na mBallstát. I ndáil leis sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 305/2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an soláthar comhchuibhithe le haghaidh eCall idir-inoibritheach ar fud an AE a leasú[2], rinneadh an rialachán sin le déanaí chun foráil a dhéanamh maidir le bonneagar PFSPanna atá ann cheana a oiriúnú do na líonraí cumarsáide paicéadlasctha is nua faoin 1 Eanáir 2026.

Foilsíodh an dréacht-Rialachán Tarmligthe seo ar an tairseach 'Cloisimis Uait' le haghaidh comhairliúchán poiblí 4 seachtaine ón 27 Deireadh Fómhair go dtí an 24 Samhain 2023. Mheas an Coimisiún go raibh an t-aiseolas a fuarthas iomchuí i dtéacs deiridh an rialacháin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is bunús dlí leis an ngníomh tarmligthe seo Airteagal 5(9) agus Airteagal 6(12) de Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

[2] IO L 91, 3.4.2013, lch. 1.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.2.2024**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/758 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís 112 a chur in úsáid agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE[1], agus go háirithe Airteagal 5(9) agus Airteagal 6(12) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2015/758, ceanglaítear córas eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a fheistiú i ngach cineál nua feithicle de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$

(2) Sa Teachtaireacht maidir leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún[2], sainaithnítear an gá atá le creat dlíthiúil eCall a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí teileachumarsáide nua.

(3) Tá liosta de chaighdeáin Eorpacha i Rialachán (AE) 2015/758, ar caighdeáin iad ar a bhfuil na ceanglais theicniúla maidir le córais eCall agus feithiclí atá feistithe le córais den sórt sin a cheadú bunaithe.

(4) Ó tháinig Rialachán (AE) 2015/758 i bhfeidhm, ghlac an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) leaganacha nua de chaighdeán EN 15722 'Córais chliste iompair — eSafety — tacar íosta sonraí (TÍS) eCall', caighdeán EN 16072 'Córais chliste iompair — eSafety— Ceanglais oibriúcháin eCall Phan-Eorpaigh' agus caighdeán EN 16454 'Córais chliste iompair — eSafety — Tástáil chomhlíontachta eCall ó phointe deiridh go pointe deiridh'. Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán sin a leasú chun tagairtí do leaganacha nua na gcaighdeán sin a áireamh.

(5) Na caighdeáin Eorpacha EN 16062 'Córais chliste iompair — eSafety — Ceanglais ardleibhéil cur i bhfeidhm (HLAP) eCall' agus EN 16454 'Córais chliste iompair — eSafety — tástáil chomhlíontachta eCall ó phointe deiridh go pointe deiridh', tá siad bunaithe ar eCall a bheith á oibriú trí líonraí ciorcadlasctha (2G/3G). Ós rud é go bhfuil sé beartaithe ag oibreoirí líonraí móibíleacha deireadh a chur de réir a chéile le líonraí 2G/3G idir 2025 agus 2030 i ngach Ballstát, tá géarghá le córais ghlaoite

[1] IO L 123, 19.5.2015, lch. 77.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the future* [an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí], COM/2020/789 final an 9.12.2020.

éigeandála infheithicle a oiriúnú do na líonraí cumarsáide paicéadlasctha is nua (4G/5G).

(6) Ghlac CEN dhá shonraíocht theicniúla nua a bhaineann le eCall agus atá bunaithe ar líonraí paicéadlasctha, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2015/758 a leasú chun tagairt do na caighdeáin sin a áireamh.

(7) Chun dóthain ama a thabhairt do na Ballstáit, do na húdaráis náisiúnta agus d'oibreoirí eacnamaíocha ullmhú do chur chun feidhme córas eCall infheithicle bunaithe ar chaighdeáin le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonacha paicéadlasctha, dáta chur i bhfeidhm na gcaighdeán sin, a mhéid a bhaineann le formheas cineálacha nua córas infheithicle eCall agus cineálacha nua feithiclí a bhfuil na córais sin feistithe iontu, ba cheart an dáta sin a chur siar.

(8) Ina theannta sin, maidir le córais eCall infheithicle arna bhformheas tar éis dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2015/758 (i.e. an 31 Márta 2018) agus atá feistithe i bhfeithiclí nua, ní mór áirithiú go leanfaidh na córais sin de bheith oibríochtúil tar éis deireadh iomlán a chur leis na líonraí ciorcadlasctha i ngach Ballstát. Ar an gcúis sin, ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, níor cheart a mheas go bhfuil deimhnithe comhréireachta na bhfeithiclí nua sin bailí chun críocha Airteagal 48(1) de Rialachán (AE) 2018/858[4] agus níor cheart na feithiclí a chlárú ná a chur i seirbhís ach amháin má chomhlíonann siad na sonraíochtaí teicniúla maidir leis an eCall paicéadlasctha dá dtagraítear sa Rialachán seo.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2015/758**

In Airteagal 5(8), an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) go (d):

'(a) EN 16072:2022 'Córais chliste iompair — eSafety — Ceanglais oibriúcháin eCall Phan-Eorpaigh';

(b) ón … [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] go dtí an 31 Nollaig 2025 EN 16062:2023 'Córais chliste iompair — eSafety — Ceanglais Ardleibhéil Cur i bhFeidhm (HLAP)';agus ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, CEN/TS 17184:2022 'Córais chliste iompair — eSafety — prótacail ardleibhéil cur i bhfeidhm (HLAP) eCall a úsáideann fochóras ilmheán IP (IMS) thar líonraí paicéadlasctha';

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

[4] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n- aisghairtear Treoir 2007/46/CE, IO L 151, 14.6.2018, lch. 1.

(c) ón … [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] go dtí an 31 Nollaig 2025 EN 16454:2023 'Córais chliste iompair — eSafety — Tástáil chomhlíontachta eCall ó phointe deiridh go pointe deiridh';agus ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, CEN/TS 17240:2018 'Córais chliste iompair — eSafety — tástáil chomhlíontachta eCall ó phointe deiridh go pointe deiridh le haghaidh córais phaicéadlasctha IMS';'.

(d) EN 15722:2020 'Córais chliste iompair — eSafety — Tacar íosta sonraí (TÍS) eCall';

*Airteagal 2*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, ní dhiúltóidh údaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua ná síntí nua a dheonú le haghaidh ceaduithe atá ann cheana d'fheithiclí, do chórais, do chomhpháirteanna nó d'aonaid theicniúla ar leithligh, i gcás ina gcomhlíonann siad na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018, má iarrann monaróir amhlaidh.

2. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2026, diúltóidh údaráis náisiúnta cineálcheaduithe nua nó síntí nua a dheonú le haghaidh ceaduithe atá ann cheana d'fheithiclí, do chórais, do chomhpháirteanna nó d'aonaid theicniúla ar leithligh, i gcás nach gcomhlíonann siad sin Rialachán (AE) 2015/758, arna leasú leis an Rialachán seo.

3. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2027, i gcás feithiclí nua arna gceadú tar éis an 31 Márta 2018 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/758, nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in CEN/TS 17184:2022 agus CEN/TS 17240:2018, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil na deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48(1) de Rialachán 2018/858.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14.2.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*